Rothar Nua

Jamie de Sal
(Rang a 6)

NÍOR chodail mé go sámh i rith na hoíche mar bhí mo bhreithlá ag teacht suas i gceann cúpla lá. Agus bhí rothar nua ag teastáil uaim.

Tráthnóna Dé Sathairn bhí mé ag fanacht le mo Dhaidí os comhair an tí. Nuair a tháinig sé abhaile bhí beart mór aige i gcúl an chairr. Thaispeáin Daidí an rothar nua dom agus léim mé suas agus síos mar bhí sceitimíní an domhain orm.

D'alp mé siar mo dhinnéar go tapaidh agus amach liom chun féachaint ar mo rothar nua. An rothar is deise a chonaic mé riamh a bhí ann.

Nuair a chuaigh mé amach ar an mbóthar ag rothaíocht bhí sé cosúil le eitleán. Bhí orm clogad breá a chaitheamh agus theastaigh uaim go bhfeicfeadh gach duine mé ag rothaíocht timpeall leis an rothar nua an trathnóna sin.

Bhraitheas go raibh mé tar éis an Tour de France a bhuachaint an oíche sin agus mé ag dul a chodladh.

Turas Chuig an Ghaeltacht

Emma Ní Chadhla
(Rang a 6)

LÁ breá samhraidh a bhí ann. Bhí an ghrian ag spalpadh anuas agus bhí mé ag cur allais. Thángamar isteach ón chlós agus dúirt an múinteoir linn ár leabhar gaeilge a thógaint amach. Ach ní raibh fonn ar aon duine obair a dhéanamh. Shocraigh an múinteoir caint linn mar gheall ar an turas scoile go dtí an Ghaeltacht. Bhí sé €50 i gcomhair an turas agus bhí sé €5 i gcomhair an mbus. Bhíomar ábalta píosa beag airgid a thabhairt linn. Dúirt an múinteoir go mbeadh an turas i gceann cúpla seachtaine. Bhí mé ar bís agus rith mé abhaile an tráthnóna sin. D'inis mé an scéal do mo Mham agus do mo chara, Áine. Bhí mé ag léimt i ngach áit nuair a dúirt mé an dea-scéal le mo Mham agus le h-Áine mar bhí sceitimíní orm.

Chuamar ar an mbus go dtí an Ghaeltacht. Bhí an turas dhá uair a chloig ach bhí mé ana compordach. Buíochas le Dia go raibh mé ag suí le mo chairde agus ní leis na buachaillí. Bhí na cnoic agus na sléibhte ag scinneadh thart. Shroicheamar an Ghaeltacht i bPort Láirge. Bhíomar ag fanacht i ostán mór galánta. Níor chuala mé faic ach Gaeilge á labhairt ag muintir na háite. Bhí sé sin go hiontach mar theastaigh uaim labhairt leo. Bhíomar stiúgtha leis an orcas agus tháinig bean an tí le béile breá mór. I gceann tamaill dúirt an múinteoir linn go raibh orainn dul go dtí céilí tar éis an bhéile.

Nuair a bhí gach duine ullamh thosaigh an céilí. Thaitin sé go mór liom agus cheap mé go raibh sé ana mhaith leis an gceol deas tapaidh.
An lá dár gcionn chuamar go dtí an linn snámha agus bhí ana spóirt againn. Ina dhiaidh sin, fuaireamar uachtar reoite breá mór. Ar an lá deireannach d'fhilleamar abhaile. Bhain mé ana craic as an deireadh seachtaine agus d'fhoghlaim mé a lán Gaeilge. Tá súil agam go mbeidh mé ag dul ar ais ann mar tá fonn orm níos mó Gaeilge a fhoghlaim.

The Monster Under My Bed

Eimear de Briotún
(Rang a 6)

EVERY night,
When mam turns off the light.
That's when I see it,
the big scary shadow on my wall.

It comes from under my bed.
But when it shines
Its bright blue light,
Oh boy, do I get some fright.

Big giant arms and legs.
Huge head and ears.
Every night it frightens me,
So I had to face my fears.

I peek under my bed
One eye open, one eye shut
Shivering and shaking, but I grow up .
Looked under my bed and it turns out
It was just my teddy bear the scut.